2020.M24T

2020L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir, Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí do gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás sceitseanna, graif agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aiste **320 marc**

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

**DHÁ** cheist as Roinn 1 – Croí-Aonaid

- Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**

  Agus

- Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**

Ceist **AMHÁIN** as Roinn 2 – Toghaonaid **(80 marc)**

Ceist **AMHÁIN** as Roinn 3 – Roghaonaid **(80 marc)**


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Creathanna Talún**




Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann áiteanna na gcreathanna talún a tharla in 2018 agus a raibh méid os cionn 6 nó a chothrom le (≥ M6) iontu. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-ainm atá ar an limistéar a bhfuil an lipéad **X** air, áit ar tharla tromlach na gcreathanna talún in 2018?

(ii) Ainmnigh na plátaí teicteonacha a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu sa léarscáil thuas.

| |
|---|
| Pláta **A**: |
| Pláta **B**: |

(iii) Cén cineál teorann plátaí atá ag **C** sa léarscáil thuas?

(iv) Ainmnigh an uirlis a úsáidtear chun fórsa creathanna talún a thomhas?

**[8m]**

**2. Carraigeacha Dríodair**

(i) Ar an liosta thíos tá roinnt bunábhar as a bhfoirmítear carraigeacha agus roinnt carraigeacha meiteamorfacha.

| | | |
|---|---|---|
| Slinn | Cré agus siolta | Marmar |
| Sliogáin agus cnámha éisc | Gaineamh | Grianchloichít |

Cuir na téarmaí cearta ón liosta san áit cheart sa tábla thíos chun gach ceann de na carraigeacha ainmnithe sa tábla a mheaitseáil:

(a) leis an mbunábhar is mó a bhaineann léi agus

(b) leis an gcarraig mheiteamorfach is mó a luaitear léi.

| (a) Bunábhar | Carraig Ainmnithe | (b) Carraig Mheiteamorfach |
|---|---|---|
| | Aolchloch | |
| | Sceall | |
| | Gaineamhchloch | |


(ii) Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an abairt seo a leanas.

Sampla is ea silice de ghníomhaí a tháthaíonn le chéile cáithníní aonair de charraigeacha dríodair.

| |
|---|
| |

**[8m]**

## 3. Gnéithe Fisiceacha agus Próisis Fhisiceacha




Curtha in oiriúint ó www.geograph.org.uk agus www.geograph.ie

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.


(ii) Meaitseáil gach ceann de na próisis seo a leanas leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é:

- Ithirthéaltú
- Sil-leagan abhann
- Síonchaitheamh reo is coscartha
- Sil-leagan cósta.

| **Q.3(i)** | **Gné** | **Q.3(ii)** |
|---|---|---|
| **Litir** | | **Próiseas** |
| | Rinnbharra | |
| | Fargáiníní | |
| | Scileach | |
| | Dumhcha | |

**[8m]**

## 4. Oighriú




Curtha in oiriúint ó www.nps.gov agus www.bbc.co.uk

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Maidir le gach ceann de na gnéithe sa tábla thíos, cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu próisis dhobhar-oighreacha, creimeadh oighreach nó sil-leagan oighreach is mó a luaitear léi.

| **Q.4(i)** | **Gné** | **Q.4(ii)** | | |
|---|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Próisis Dhobhar-Oighreacha (✓)** | **Creimeadh Oighreach (✓)** | **Sil-leagan Oighreach (✓)** |
| | Carraig Chorr | | | |
| | Soirc/Coire | | | |
| | Droimnín | | | |
| | Sprémhá | | | |

**[8m]**

**5. Coincheap an Réigiúin**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas sa tábla thíos.

(i) Meaitseáil gach ceann de na cineálacha réigiúin seo a leanas leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é.

**Réigiún aeráide** **Réigiún Cultúrtha** **Réigiún Geomoirfeolaíoch** **Croí-Réigiún**

(ii) Meaitseáil gach ceann de na samplaí a leanas de réigiúin leis an gcur síos sa tábla is fearr a mheaitseálann é.

**Tír na mBascach** **Boirinn** **Mórcheantar Bhaile Átha Cliath** **Réigiún na Meánmhara**

| C.5(i)<br>Cineál Réigiúin | Cur síos ar an Réigiún | C.5(ii)<br>Sampla den Réigiún |
|---|---|---|
| | Réigiún ina bhfuil tírdhreach uathúil bunaithe ar chineál carraige, struchtúr nó rilíf. | |
| | Réigiún ina bhfuil saintréithe uathúla teochta agus frasaíochta. | |
| | Réigiún atá dea-fhorbartha go socheacnamaíoch agus a tharraingíonn tionscal agus daoine chuige. | |
| | Réigiún ina bhfuil teanga, creideamh agus/nó modh maireachtála ar leith i bpáirt ag na daoine. | |

**[8m]**

**6. Aithint Tírdhreach**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Sa tábla thíos, meaitseáil gach ceann de na gnéithe seo a leanas leis an tagairt eangaí is fearr a mheaitseálann a suíomh ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis:

- Trá
- Srutharlú abhann
- V-ghleann.

| Tagairt Eangaí | Gné |
|---|---|
| T 24 82 | |
| T 19 77 | |
| T 27 76 | |

(ii) Cad é airde na talún, ina méadair, ag an spotairde atá ag T 239 804?

| |
|---|
| |

**[8m]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an tseirbhís phoiblí atá suite ag T 256 742.

| |
|---|
| |

(ii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúir don stáisiún traenach san Inbhear Mór.

| |
|---|
| |

(iii) Tomhais fad an mhótarbhealaigh M11, ina chiliméadair, ó Ghabhal 20 ag T 250 760 go dtí go n-imíonn sé den léarscáil ag T 229 710.

| |
|---|
| |

(iv) Ríomh, ina chiliméadair chearnacha, achar na talún siar ó oirlíne 22.

| |
|---|
| |

**[8m]**

**8.** **Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Inbhear Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo agus na híomhánna thíos de chuid *Google Street View* den cheantar céanna san Inbhear Mór.













Bain úsáid as an nodaireacht aitheanta agus, sa tábla thíos, tabhair an suíomh ar an aerfótagraf ina bhfuil gach ceann de na ceantair a thaispeántar in íomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** de chuid *Google Street View*.

| **Íomhá *Google Street View*** | **Suíomh ar an Aerfótagraf** |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |


**[8m]**

**9. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Aimsigh pointe **X**, T 190 760, agus pointe **Y**, T 280 760 ar an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo. Tá an dá phointe ar thuaidhlíne 76.

I bhFíor 1, taispeántar próifíl airde de thrasghearradh na líne idir pointe **X** agus pointe **Y** ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

*Fíor 1: Próifíl Airde de Thrasghearradh na líne idir Pointe **X** agus Pointe **Y***




Nóta: Níl an phróifíl airde seo de réir an scála chéanna le léarscáil na SO.

Bain úsáid as an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus as an bpróifíl airde thuas, chun gach ceann de na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(i) Cén cineál foraoiseachta atá suite ag **A**?


(ii) Cén t-ainm atá ar an mbóthar atá suite ag **B**?

(iii) Cén airde, ina méadair, ag a bhfuil an pointe is airde feadh na próifíle airde?

(iv) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don phointe ar bhóthar an R750 atá suite ag **C**.

**[8m]**

**10. Aimsir**




Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an chairt aimsire thuas ó Met Éireann. Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Tá frithchioclón suite os cionn Chríoch Lochlann.

(ii) Is é an brú baraiméadrach os cionn Bhaile Átha Cliath ná 1016 hPa.


(iii) Is beag gaoth, nó níl aon ghaoth, os cionn na hÉireann.

(iv) Tugtar isihiaití ar línte ar chairt aimsire a cheanglaíonn limistéir arb ionann brú an atmaisféir iontu.

**[8m]**

## 11. Staitisticí Daonra – Éire

Meastacháin ar Dhaonra na hÉireann in Aibreán 2019




Scrúdaigh an ghrafaic faisnéise thuas a thaispeánann meastacháin ar dhaonra na hÉireann in Aibreán 2019 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é líon na Náisiúnach Éireannach a meastar go raibh cónaí orthu in Éirinn in Aibreán 2019?

| |
|---|
| |

(ii) Ríomh **X**, líon na mbaineannach a meastar go raibh cónaí orthu in Éirinn in Aibreán 2019?

| |
|---|
| |

(iii) Cén céatadán de dhaonra iomlán na hÉireann a meastar go raibh cónaí air i mBaile Átha Cliath?


| |
|---|
| |

(iv) Luaigh **dhá** bhealach a bhféadfadh an rialtas úsáid a bhaint as staitisticí daonra.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**[8m]**

**12. Léirmhíniú ar Staitisticí**




Curtha in oiriúint ó www.guardian.com

Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann an méadú teochta a réamh-mheastar don mhí is teo i roinnt cathracha san Eoraip faoi mbliain 2050. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an chathair dá réamh-mheastar an méadú teochta is mó dá mí is teo.

(ii) Cad é an méadú teochta, in °C, a réamh-mheastar don mhí is teo i bPáras?

(iii) Ríomh an difríocht sa mhéadú teochta, in °C, a réamh-mheastar a bheidh ann idir an mhí is teo i Moscó agus an mhí is teo i Londain.

(iv) Is iomaí tír atá ag infheistiú i bhfuinneamh in-athnuaite chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.
Ainmnigh **dhá** shampla d'fhuinneamh in-athnuaite.


| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**[8m]**

# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.
Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar fáil i gcúl an fhreagarleabhair seo. Ar na leathanaigh de ghrafpháipéar, tá bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graif agus léaráidí amháin.

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Ceist

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

2 uair 50 nóiméad